Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2022

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# An Nua-Aois Déanach

# GNÁTHLEIBHÉAL

## Nótaí Mínithe Marcála Ar Líne

| Siombail | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
|  | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna bronnta (e.g. 5 mharc) |
|  | Tic (bán) | Bailí/ceart/ábhartha/le tuillteanas (ní bhronntar aon mharc ar thic bán) |
|  | Náid | Náid bronnta |
|  | Crosáil/X | Neamhbhailí/mícheart/neamhábhartha |
|  | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach/roinn a chonaic an ceartaitheoir |
|  | Líne chothrománach | Cuir líne faoi |
| **GF** | Gan Freagra | Níor freagraíodh an cheist |

Tabhair do d’aire: b’fhéidir nach mbainfeadh roinnt nótaí mínithe le hábhar maidir le scripteanna ar leith.

## *AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)*
## *(100 marc)*

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (gan aon mharc)**

Ní cheadaítear aon mharc don teideal, ach beidh sé riachtanach chun an teideal a chur san áireamh chun 'ábharthacht na bhfoinsí don ábhar' a chur san áireamh i *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 marc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go hiomlán agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = uasmhéid 6 mharc maidir le dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Píosa amháin eolais sa bhreis air sin mar fhianaise (eg: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh gréasáin, srl) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Nuair a chuirtear gach rud sa fhreagra san áireamh, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| ***An-mhaith:*** | 8-9 marc |
| ***Maith:*** | 6 mharc-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 3-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 mharc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus/nó laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar. Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | | |
|---|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***An-mhaith:*** | 21 mharc-25 marc |
| | ***Go Maith:*** | 15 mharc-20 marc |
| | ***Réasúnta:*** | 8 marc-14 mharc |
| | ***Lag:*** | 0 mharc-7 marc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***An-mhaith:*** | 14 mharc-17 marc |
| | ***Go Maith:*** | 10 mharc-13 marc |
| | ***Réasúnta:*** | 5 mharc-9 marc |
| | ***Lag:*** | 0 mharc-4 marc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***An-mhaith****:*<br>***Go maith****:*<br>***Réasúnta****:*<br>***Lag****:* | 21-25<br>15-20<br>8-14<br>0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá tábhacht stairiúil leis an staidéar roghnaithe<br>(níl sé doiléir ná gan tábhacht)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith:***<br>***An-mhaith****:*<br>***Go maith****:*<br>***Réasúnta****:*<br>***Lag****:* | 13-15<br>10-12<br>7-9<br>4-6<br>0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan Amach<br>Fad cuí | ***An-mhaith****:*<br>***Go maith****:*<br>***Réasúnta****:*<br>***Lag:*** | 8-10<br>6-7<br>4-5<br>0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Agus tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc |
| ***Go Maith:*** | 6 mharc-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-3 mharc |

***Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid sa cheist dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Léirthuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Criticeas | (20 marc) |
| 4 | Comhthéacsúchán | (20 marc) |

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Chun staidéar a dhéanamh ar shaincheist na hollscoile | 8M |
| (b) | Ag an Halla Cathrach/i nDoire | 8M |
| (c) | Seomra (príobháideach) an Phríomh-Aire | 8M |
| (d) | Terence O'Neill | 8M |
| (e) | Cáipéisí (4m) agus léarscáileanna (4m) | 8M |
| | | Uasmharc = 40M |

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Is ea, tá cuntas ar cad ba chúis leis an agóid sa dá cháipéis.

I gcáipéis A, deireann sé go raibh alltacht sa chathair nuair a fuair daoine amach gur roghnaíodh Cúil Raithin seachas Doire mar shuíomh don ollscoil nua agus tionóladh cruinniú poiblí chun agóid a phleanáil in aghaidh an chinnidh.

Dar le Cáipéis B, eagraíodh mótarshlua agóide"le cur in aghaidh an chinnidh an dara hollscoil a bhunú i gCúil Raithin seachas i nDoire".

Marcáiltear caighdeán an mhínithe de réir mar atá tuillte. Tá tagairt don dá dhoiciméad riachtanach.

2M + 4M + 4M Uasmharc = 10M

(b) Tá an dá cháipéis ar aon fhocal gurb é Stormont ceann scríbe an mhótarshlua.

Dar le Cáipéis A eagraíodh "mótarshlua go foirgnimh na parlaiminte ag Stormont".
Dar le Cáipéis B shroich an mótarshlua Béal Feirste agus ina theannta sin gur fhág an 2,000 feithicil sa mhótarshlua "Stormont ansin" nuair a bhí an agóid thart.

I gCáipéis A deireann sé gur ghlac "an chuid is mó de ghluaisteáin chathair" Dhoire páirt sa mhótarshlua, rud a thugann le fios go raibh sé éachtach cé nach deirtear é sin go follasach. Déanann an scríbhneoir cur síos ar fhoirgneamh na parlaiminte mar rud "mórthaibhseach" agus ina theannta sin go raibh cuma éachtach ar an slua agóide a bhailigh os comhair an fhoirgnimh.

Tugann Cáipéis B sonraí fíorasacha faoin mótarshlua ach ní thugann sé "éachtach" mar chur síos air. Deireann sé gur shroich an mótarshlua "Béal Feirste". Deireann sé freisin gur fhág "an mótarshlua de 2,000 feithicil" Stormont agus gur chuir sé isteach ar thrácht nuair a d'fhill gluaisteáin ar Dhoire. Tugann sé seo le fios gur agóid shuntasach a bhí ann, cé nach n-úsáidtear an focal "éachtach".

Tá tagairt don dá dhoiciméad riachtanach. 5M + 5M Uasmharc = 10M

### *3. Criticeas (20 marc)*

(a) D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:

- Is sliocht ó dhírbheathaisnéis í Cáipéis A ina ndéanann an tEaspag Daly cur síos ar a shaol. I ndírbheathaisnéis faightear insint ar eachtraí ó dhearcadh an scríbhneora.
- Tá sé in ann sonraí a thabhairt faoina raibh ar siúl i nDoire ag am na hagóide, ar nós an chruinnithe phoiblí sa Halla Cathrach agus an "alltacht" a bhí ar dhaoine.
- Déanann sé cur síos ar an mótarshlua go Doire agus deireann sé "Ba í an chéad uair riamh dom a bheith i Stormont", rud a léiríonn go raibh sé i láthair ag an agóid.
- Tugann sé cuntas ar conas mar a chuaigh an agóid i bhfeidhm air go pearsanta, á rá go raibh sé "go hiontach", ráiteas a thugann le fios gur ghlac sé páirt sna himeachtaí an lá sin.

Aimsigh dhá shampla. 5M + 5M Uasmharc = 10M

(b) D'fhéadfadh sé go gcuimseodh freagraí pointí dá leithéid seo:
- Is foinse phríomha í alt nuachtáin má scríobhadh é le linn na n-eachtraí a ndéanann sé cur síos orthu.
- Déanann an tuairisc seo cur síos ar imeachtaí a tharla "inné" agus mar sin bhí an scéala is déanaí aici nuair a foilsíodh í.
- Tugann sé eolas fíorasach dúinn faoi cathain, cá háit agus cén fáth go ndeachthas i mbun agóidíocht.
- Insíonn sé dúinn cé a ghlac páirt inti.
- Luann sé ráiteas ó dhuine de na ceannairí, John Hume.

Bí ag faire amach do dhá phointe, agus iad forbartha go maith. 5M + 5M

Uasmharc = 10M

***4 Comhthéacsúchán (20 marc)***

Cén fáth ar roghnaíodh Cúil Raithin, seachas Doire, mar shuíomh don dara hollscoil i dTuaisceart Éireann?

Marcáiltear de réir phrionsabal an Chroí-ráitis Uasmharc = 20M

D'fhéadfaí **Croí-ráiteas** a shainmhíniú mar cheann díobh seo a leanas:
- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.

Cuirfidh scrúdaitheoirí prionsabal na marcála de réir Croí-ráitis i bhfeidhm mar seo a leanas:
- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-ráitis, cuirtear tic (√ ) ag deireadh gach Croí-ráitis.
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe.
- D'fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh.

Anseo, i gceist 4 den DBQ, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

***Roinn 2 agus Roinn 3:***
***AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 MARC)***

AT 2022: Ní mór d'iarrthóirí **dhá** Thopaic ó Roinn 2 agus Roinn 3 a fhreagairt.

Roinntear gach Topaic ina trí chuid:

A. Aonad spreagadh-thiomáinte le 5 fhreagra ghearra nach mór tabhairt faoina bhfreagairt
(uasmharc: 30 marc)
B. Alt gearr le scríobh mar fhreagairt ar cheann de cheithre cheannteideal
(uasmharc: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cheannteideal
(uasmharc: 40 marc):

Marcálfar cuid A, B agus C mar seo a leanas:

A. De ghnáth bronnfar na marcanna amhail 6 mharc in aghaidh na ceiste, tugann 6 mharc x 5 an t-uasmharc de 30 marc. Féach ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh malairtí leagain ar an gcleachtas sin.
B. Marcálfar an freagra seo de réir phrionsabal an Chroí-ráitis, mar atá sainmhínithe thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach de 20 do Chroí-ráitis agus ceadófar 10 marc ar a mhéad do Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála aistritheach thíos.
C. Marcálfar an freagra seo de réir phrionsabal an Chroí-ráitis, mar atá sainmhínithe thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach de 30 do Chroí-ráitis agus ceadófar 10 marc ar a mhéad do Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Is é seo an marc iomlán a bhronntar do Chroí-ráitis, faoi réir uasmharc de 20 marc i gcuid B agus uasmharc de 30 marc i gcuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a fhreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 9-10 marc |
| ***An-mhaith:*** | 7-8 marc |
| ***Go Maith:*** | 5 mharc-6 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-4 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

Agus marcanna MC agus MG á mbronnadh, rachaidh an ceartaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir Gnáthleibhéil agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas.

***Nótaí ar thopaicí aonair***

## ***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*
### Éire agus an tAontas, 1815-1870

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Tithe tábhairne/rásaíocht capall/amharclanna | (6) |
| A2. | 15 acra | (6) |
| A3. | Le toiliú/cead an easpaig | (6) |
| A4. | Seanmóirithe a fuair sainoiliúint | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*
### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Club Iománaíochta Chluain Aodha | (6) |
| A2. | Ó úinéirí talún gustalacha/feirmeacha de bhreis agus 100 acra | (6) |
| A3. | James (3m) agus Percy (3m) | (6) |
| A4. | É ina bhall den fhoireann Chiarraí a bhuaigh cluiche ceannais na hÉireann sa pheil | (6) |
| A5. | Ionchur bailí AMHÁIN | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*
### Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Sráid Downing/Londain (3m), 11 Deireadh Fómhair 1921 (3m) | (6) |
| A2. | Chun féachaint ar/tacú le toscairí na hÉireann | (6) |
| A3. | Poblacht | (6) |
| A4. | An Choróin Mhuire | (6) |
| A5. | Aon fhreagairt AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Taoiseach ar an bpobal Chippewa | (6) |
| A2. | Cluichí dúchasacha (3m) agus damhsaí (3m) | (6) |
| A3. | Fiafheoil (3m) agus rís fhiáin (3m) | (6) |
| A4. | Bronntanais/saothar coirníneach | (6) |
| A5. | AON ghaisce amháin atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Rúnaí/cléireach/múinteoir | (6) |
| A2. | Socrú síos i dteach le háiseanna nua-aimseartha/pósadh níos fearr ionchais | (6) |
| A3. | Thart ar 15/16 | (6) |
| A4. | Fostaíocht íoctha | (6) |
| A5. | AON athrú amháin atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 1800 duine san iomlán a bhí sa lucht saothair (3m) 500 san áireamh (3m) | (6) |
| A2. | Le huair amháin/ó 11¾ uair go 10¾ uaireanta | (6) |
| A3. | Ag canadh (3m) agus ag damhsa (3m) | (6) |
| A4. | Aschuir méadaithe | (6) |
| A5. | AON uaillmhian amháin atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Seansailéir (na Gearmáine) | (6) |
| A2. | Um thráthnóna | (6) |
| A3. | Cabhlach éagumasach/ní raibh na scileanna cuí ag na hoifigigh chun iad a bhainistiú | (6) |
| A4. | Alsace-Lorraine | (6) |
| A5. | AON ghaisce amháin atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Sa Palazzo Venezia | (6) |
| A2. | Bhí go leor bleachtairí i ngnáthéadach le feiceáil. | (6) |
| A3. | An fuinneamh a fheiceann sé san Iodáil | (6) |
| A4. | An iomarca seanfhir i bpoist ardchéimiúla | (6) |
| A5. | AON shaintréith amháin atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Laidin | (6) |
| A2. | Teanga laethúil na cosmhuintire | (6) |
| A3. | Daonlathas liobrálach/geilleagair mheasctha/eolaíocht nua-aimseartha | (6) |
| A4. | Tháinig sé anuas/thit sé ó 69% go 48% | (6) |
| A5. | An Pápa John XXIII | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Daoine óga (3m) agus na póilíní (3m) | (6) |
| A2. | Teaghlaigh ó Thuaisceart na hAfraice | (6) |
| A3. | Slumaí/bailte seantán in aice láimhe | (6) |
| A4. | Glúin nua a rugadh le linn inimirce/ coilínithe a bheith ar siúl mórthimpeall orthu | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Chuig tuismitheoir an scríbhneora | (6) |
| A2. | Criosanna mianach (a mheastar iad a bheith ann) a ghlanadh | (6) |
| A3. | Níor aimsigh siad mianach talún ar bith/chaill saighdiúir amháin a chos i bpléasc | (6) |
| A4. | Déanann siad spiaireacht ar shaighdiúirí Meiriceánacha ar son an Vietcong | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2022

# SCÉIM MARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (gan aon mharc)**

Ní cheadaítear aon mharc don teideal, ach beidh sé riachtanach chun an teideal a chur san áireamh chun 'ábharthacht na bhfoinsí don ábhar' a chur san áireamh i *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 marc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go hiomlán agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = uasmhéid 6 mharc maidir le dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Píosa amháin eolais sa bhreis air sin mar fhianaise (eg: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh gréasáin, srl) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Nuair a chuirtear gach rud sa fhreagra san áireamh, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***An-mhaith:*** 8-9 marc
***Maith:*** 6 mharc-7 marc
***Réasúnta:*** 3-5 mharc
***Lag:*** 0-2 mharc

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh do láidreachtaí agus laigí na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar. Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | | |
|---|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***An-mhaith:*** | 21-25 mharc |
| | ***Maith:*** | 15-20 marc |
| | ***Réasúnta:*** | 8-14 mharc |
| | ***Lag:*** | 0-7 marc |
| Gan ann ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | **An- *mhaith:*** | 14-17 marc |
| | **Maith*:*** | 10-13 mharc |
| | ***Réasúnta:*** | 5-9 marc |
| | ***Lag:*** | 0-4 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc    Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | **An-mhaith:**<br>**Maith**:<br>**Réasúnta:**<br>**Lag**: | 21-25<br>15-20<br>8-14<br>0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá tábhacht stairiúil leis an staidéar roghnaithe<br>(níl sé doiléir ná gan tábhacht)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna<br>Taighde sách domhain léirithe | **Sármhaith*:***<br>**An-mhaith:**<br>**Maith**:<br>**Réasúnta:**<br>**Lag**: | 13-15<br>10-12<br>7-9<br>4-6<br>0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan Amach<br>Fad cuí | **An-mhaith:**<br>**Maith**:<br>**Réasúnta:**<br>**Lag:** | 8-10<br>6-7<br>4-5<br>0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir é seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Agus tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***An-mhaith:*** | 8-10 marc |
| ***Go Maith:*** | 6 mharc-7 marc |
| ***Réasúnta:*** | 4-5 mharc |
| ***Lag:*** | 0-3 mharc |

| Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB) (100 marc) |
|---|

Tá ceithre chuid sa cheist dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Léirthuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Criticeas | (20 marc) |
| 4 | Comhthéacsúchán | (20 marc) |

***1. Léirthuiscint (40 marc)***

(a) An Pápa 8M

(b) An Bhanríon Eilís 8M

(c) 1571 8M

(d) Cártaí (4M) agus dísle (4M) 8M

(e) Poist agus seirbhísí eaglasta a cheannach agus a dhíol 8M

Uasmharc = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Déanann Cáipéis B tagairt dhíreach do Magrath a bheith mustrach, feargach, agus santach.

Deireann sé gur fhág sé an ardeaglais i gCaiseal ina fhothrach agus go ndearna sé slad ar líon na sagart, á laghdú ó naonúr síos go dtí aon sagart amháin ós rud é go bhfuil "an oiread sin airgid tógtha aige dó féin".
Cuireann Cáipéis B an tsíomóntacht ina leith freisin. Chuirfeadh ceannach agus díol post eaglaise ar chumas Magrath é féin a shaibhriú, agus tá sé ceangailte le saint freisin.

Ní thagraíonn Cáipéis A go díreach don saint ach luann sé gur cuireadh iolrachas agus finíochas i leith Magrath. Cuir i gcás go raibh níos mó ná post eaglaise amháin ag Magrath an tráth úd agus/nó gur bhronn sé poist eaglaise ar ghaolta/cairde leis, chuirfeadh sé sin ar a chumas é féin a shaibhriú, agus is féidir é a nascadh le saint ar an gcaoi sin.

Marcáiltear caighdeán an mhínithe de réir mar atá tuillte.
Tá tagairt don dá dhoiciméad riachtanach.
Mura luaitear ach aon cháipéis amháin, uasmhéid = 5M.
5M + 5M Uasmharc = 10M

(b) Tugann Cáipéis A míniú ar conas a ligeadh do Magrath leanúint ar aghaidh in oifig. An chúis a tugadh ná go raibh sé "áisiúil mar idirbheartaí idir an rialtas i mBaile Átha Cliath agus Éire na nGael."

Níl aon tagairt do cén fáth ar ligeadh dó leanúint in oifig i gCáipéis B.

Marcáiltear caighdeán an mhínithe de réir mar atá tuillte.
Freagra nach ndéanann aon trácht ar cháipéis B, uasmhéid = 8M.

Sármhaith = 9-10 mharc
*A*n-mhaith = 7-8 mharc
Maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc
Lag = 0-2 mharc

Uasmharc = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Is foinse thánaisteach í Cáipéis A ós rud é gur staraí, Alan Ford, a scríobh é i leabhar a foilsíodh in 1998. Ní raibh Alan Ford i láthair le go bhféadfadh sé a bheith ina fhinné é féin ar ghníomhartha Meiler Magrath. Bhí Magrath i mbarr a réime sna 1500s, i bhfad sular foilsíodh an leabhar seo.

Is féidir le fáth amháin, atá mínithe go maith, marcanna iomlána a fháil.

Sármhaith = 9-10 mharc
*A*n-mhaith = 7-8 mharc
Maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc
Lag = 0-2 mharc

Uasmharc = 10M

(b) Is iomaí locht a chuireann scríbhneoir na cáipéise B i leith Magrath amhail an cearrbhachas, an t-ólachán, agus é a bheith mustrach, feargach agus santach leis. Fós féin, sa sliocht seo, is é an t-aon fhianaise a thugtar ina choinne ná gur chaith sé go dona le Caiseal. Dar leis an scríbhneoir tá Caiseal ina fhothrach agus go bhfuil líon na sagart ann tite ó naonúr go haon sagart amháin, de bharr saint Magrath. Is cúisimh fhíorasacha iad seo a d'fhéadfaí a úsáid mar fhianaise ina choinne.

Marcáiltear caighdeán an mhínithe de réir mar atá tuillte.

Sármhaith = 9-10 mharc
*A*n-mhaith = 7-8 mharc
Maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc
Lag = 0-2 mharc

Uasmharc = 10M

***4 Comhthéacsúchán (20 marc)***

Cad a insíonn gairm chléiriúil Meiler Magrath dúinn faoin **saol in Éirinn** ag an am sin?

Marcáiltear de réir phrionsabal an Chroí-ráitis Uasmharc = 20M

D'fhéadfaí **Croí-ráiteas** a shainmhíniú mar cheann díobh seo a leanas:

- Ráiteas fíorasach suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Míniú, tuairim nó trácht bailí atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh.
- Ráiteas tosaigh **NÓ** clabhsúir suntasach atá ag baint le hábhar na ceiste a cuireadh

Cuirfidh scrúdaitheoirí prionsabal na marcála de réir Croí-ráitis i bhfeidhm mar seo a leanas:

- Ar léamh an fhreagra, ba cheart é a bhriseadh síos ina gCroí-ráitis, cuirtear tic (√ ) ag deireadh gach Croí-ráitis
- Bronntar 5 mharc ar gach Croí-ráiteas críochnaithe
- D'fhéadfadh Croí-ráiteas neamhchríochnaithe ag deireadh freagra 1-4 mharc a thuilleamh

Anseo, i gceist 4 den DBQ, beidh an scrúdaitheoir ag féachaint le 5 mharc an ceann a bhronnadh ar cheithre Chroí-ráiteas don leithdháileadh iomlán 20 marc.

***Roinn 2 agus Roinn 3:***
***AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 MARC)***

AT 2022: Ní mór d'iarrthóirí **dhá** Thopaic ó Roinn 2 agus Roinn 3 a fhreagairt.

Roinntear gach Topaic ina trí chuid:

A. Aonad spreagadh-thiomáinte le 4/5 fhreagra ghearra nach mór tabhairt faoina bhfreagairt
(uasmharc: 30 marc)
B. Alt gearr le scríobh mar fhreagairt ar cheann de cheithre cheannteideal
(uasmharc: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cheannteideal
(uasmharc: 40 marc)

Marcálfar cuid A, B agus C mar seo a leanas:

A. De ghnáth bronnfar na marcanna amhail 6 mharc in aghaidh na ceiste, tugann 6 mharc x 5 an t-uasmharc de 30 marc. Féach ***Nótaí ar thopaicí aonair*** thíos le haghaidh malairtí leagain ar an gcleachtas sin.
B. Marcálfar an freagra seo de réir phrionsabal an Chroí-ráitis, mar atá sainmhínithe thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach de 20 do Chroí-ráitis agus ceadófar 10 marc ar a mhéad do Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála aistritheach thíos.
C. Marcálfar an freagra seo de réir phrionsabal an Chroí-ráitis, mar atá sainmhínithe thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach de 30 do Chroí-ráitis agus ceadófar 10 marc ar a mhéad do Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Féach an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Is é seo an marc iomlán a bhronntar do Chroí-ráitis, faoi réir uasmharc de 20 marc i gcuid B agus uasmharc de 30 marc i gcuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna MG á mbronnadh, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a fhreagraíonn an freagra don cheannteideal nó an cheist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

| | |
|---|---|
| ***Sármhaith:*** | 9-10 marc |
| ***An-mhaith:*** | 7-8 marc |
| ***Go Maith:*** | 5-6 mharc |
| ***Réasúnta:*** | 3-4 mharc |
| ***Lag:*** | 0-2 mharc |

Agus marcanna MC agus MG á mbronnadh, rachaidh an ceartaitheoir i ngleic leis an ábhar go neamhchlaonta maidir le raon na bhfreagraí bailí ar féidir bheith ag súil leo ó iarrthóir Gnáthleibhéil agus le tuiscint ar an raon eolais agus scileanna stairiúla a éilíonn an siollabas.

***Nótaí ar thopaicí aonair***

***ROINN 2: ÉIRE***

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Trí thaoiseacha/thiarnaí Éireannacha a mholadh agus a adhmholadh go hard na spéire | (6) |
| A2. | Na meadarachtaí casta a bhain le véarsaíocht shiollach na Gaeilge | (6) |
| A3. | D’fhéadfadh aoir tubaiste/bás a tharraingt anuas ar an té a aoradh | (6) |
| A4. | Chun dul i mbannaí ar chonarthaí | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

| | | |
|---|---|---|
| B - | Uasmharc MC = 20 marc | Uasmharc MG = 10 marc |
| C - | Uasmharc MC = 30 marc | Uasmharc MG = 10 marc |

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | £150 | (6) |
| A2. | Chun a mbeatha a thabhairt slán | (6) |
| A3. | Dúnmharaíodh é | (6) |
| A4. | Rinne siad creachadh ar na Protastúnaigh go léir | (6) |
| A5. | Ráitis faoi mhionn/fianaisí/cuntais ar thaithí na bProtastúnach le linn éirí amach 1641 | (6) |

| | | |
|---|---|---|
| B - | Uasmharc MC = 20 marc | Uasmharc MG = 10 marc |
| C - | Uasmharc MC = 30 marc | Uasmharc MG = 10 marc |

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 80 dán | (6) |
| A2. | Lucht Chromaill gan mhúineadh | (6) |
| A3. | Muintir Mhic Chárthaigh (3m) agus muintir Bharra (3m) | (6) |
| A4. | Marbhna/marbhnaí | (6) |
| A5. | Athrú bailí AMHÁIN (e.g. Athbhunú na monarcachta) | (6) |

| | | |
|---|---|---|
| B - | Uasmharc MC = 20 marc | Uasmharc MG = 10 marc |
| C - | Uasmharc MC = 30 marc | Uasmharc MG = 10 marc |

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta - teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Is feirmeoirí (3m) agus gaibhne dubha (3m) iad an teaghlach. | (6) |
| A2. | Ar fud na hÉireann/i ngach cearn d'Uladh thiar, Tuaisceart Laighean, Connachta agus an Clár | (6) |
| A3. | Clanricard/Dillons/Maguires | (6) |
| A4. | 170 port | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí (e.g. ceol damhsa nua) | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Baile na hInse/Co. an Dúin | (6) |
| A2. | Ribíní glasa (ribíní = 3m) | (6) |
| A3. | Ucht le hucht | (6) |
| A4. | Gunnaí ar iompar acu | (6) |
| A5. | Sprioc AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR*

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 24/beagnach 25 | (6) |
| A2. | Is é an rialtóir is dathúla dá bhfacthas riamh.../is iomaí teangacha a labhraíonn sé/seinneann sé go maith ar an liút agus ar an gcruitchorda/ é breá láidir/é oilte sa ghiústáil | (6) |
| A3. | Fraincis (3m) agus an Laidin (3m) [beagánín Iodáilise (3m)] | (6) |
| A4. | Liút (3m) agus cruitchorda (3m) | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag dhéanach, 1567-1609**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | D'imigh a lán baincéirí ón gcathair | (6) |
| A2. | Saighdiúirí Francacha | (6) |
| A3. | An trádáil oirthearach | (6) |
| A4. | Ó thrádáil dhíreach le coilíneachtaí Spáinneacha agus Portaingéalacha | (6) |
| A5. | AON chúis amháin atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Na Portaingéalaigh | (6) |
| A2. | Malacca | (6) |
| A3. | Ghabh siad stáisiún trádála na Sasanach ag Amboina (3m) agus mharaigh siad formhór na Sasanach a bhí ann (3m). | (6) |
| A4. | Briseadh a réimeas | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | I siopa báicéara/ i Lána na Putóige | (6) |
| A2. | Bhí gaoth láidir ag séideadh | (6) |
| A3. | Chabhraigh sé ó thaobh smacht a choinneáil | (6) |
| A4. | Dódh 12,000 teach (agus 80 séipéal) | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Rith Acht an Tae | (6) |
| A2. | Rinneadh díol an tae a chosc | (6) |
| A3. | Tugadh droim láimhe leis/seoladh ar ais go Sasana é | (6) |
| A4. | Chaith siad lastas na long isteach sa chuan | (6) |
| A5. | AON ghaisce amháin atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Trí thoghchán | (6) |
| A2. | Trí thoghchán | (6) |
| A3. | A bheith dílis don náisiún, don dlí agus don Rí | (6) |
| A4. | Cónaí a bheith orthu ina gceantar féin | (6) |
| A5. | Aon chúis AMHÁIN atá bailí | (6) |

B - Uasmharc MC = 20 marc Uasmharc MG = 10 marc

C - Uasmharc MC = 30 marc Uasmharc MG = 10 marc

Appendix 1

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 300 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 22 |
| 227 - 230 | 21 |
| 231 - 233 | 20 |
| 234 - 236 | 19 |
| 237 - 240 | 18 |
| 241 - 243 | 17 |
| 244 - 246 | 16 |
| 247 - 250 | 15 |
| 251 - 253 | 14 |
| 254 - 256 | 13 |
| 257 - 260 | 12 |
| 261 - 263 | 11 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 264 - 266 | 10 |
| 267 - 270 | 9 |
| 271 - 273 | 8 |
| 274 - 276 | 7 |
| 277 - 280 | 6 |
| 281 - 283 | 5 |
| 284 - 286 | 4 |
| 287 - 290 | 3 |
| 291 - 293 | 2 |
| 294 - 296 | 1 |
| 297 - 300 | 0 |
| | |